CINNEADH (CBES) 2021/1726 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2021

a thacaíonn leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma agus a leathadh i mBallstáit Léig na Stát Arabach - Céim II

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) agus Airteagal 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I Straitéis 2018 an Aontais i gcoinne Airm Thine, Mionairm agus Armáin Éadroma Aindleathacha (SALW) agus a nArmlón dar teideal "Airm a Dhaingniú, Saoránaigh a chosaint" ("Straitéis SALW an Aontais"), deirtear gur tosaíocht ar leith ag an Aontas an comhar réigiúnach mar mhodh éifeachtúil chun rialú a dhéanamh ar mhionairm.

(2) Tugtar ar aird i Straitéis SALW an Aontais go leanfaidh an tAontas dá thacaíocht don chomhar agus don chúnamh ar mhaithe le cur chun feidhme Chlár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe (NA) chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú ("UN PoA").

(3) De réir Straitéis SALW an Aontais, áireofar ar thacaíocht an Aontais do chur chun feidhme UN PoA bailiú agus scriosadh SALW agus armlón breise, slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn do SALW agus armlón, forbairt acmhainneachta maidir le marcáil, taifead agus rianú, forbairt acmhainneachta maidir le rialú onnmhairiúcháin arm, forbairt acmhainneachta maidir le forfheidhmiú an dlí i gcoinne gáinneáil aindleathach, tacaíocht le faireachán ar thrádbloic agus rianú armán atreoraithe.

(4) Maidir leis an Meánoirthear agus leis an Afraic Thuaidh, tugtar ar aird i Straitéis SALW an Aontais go leanfaidh an tAontas dá thacaíocht d'fhothú acmhainneachta d'fhórsaí áitiúla forfheidhmithe dlí agus slándála a mhéid a bhaineann le slándáil fhisiciúil agus bainistiú stoc-charn, le barrachas a scriosadh agus le SALW aindleathacha a dhoiciméadú agus a rianú.

(5) I gClár Oibre NA 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, a glacadh an 25 Meán Fómhair 2015, dearbhaítear nach mór an trádáil aindleathach in SALW a chomhrac má táthar le riar mór spriocanna a bhaint amach, lena n-áirítear spriocanna a bhaineann leis an tsíocháin, leis an gceartas agus le hinstitiúidí láidre, le laghdú na bochtaineachta, leis an bhfás eacnamaíoch, leis an tsláinte, leis an gcomhionannas inscne, agus le cathracha agus pobail shábháilte.

(6) Ina Chlár Oibre don Dí-Armáil, dar teideal "Ár dTodhchaí Choiteann a Shlánú", a seoladh an 24 Bealtaine 2018, tá iarrtha ag Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe go mbeadh cur chuige cuimsitheach, comhtháite agus rannpháirteach ann maidir le rialú mionarm ar leibhéal na tíre agus, i gcásanna áirithe, ar an leibhéal foréigiúnach.

(7) Ag an tríú comhdháil a bhí ag na Náisiúin Aontaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme UN PoA, a tionóladh i Meitheamh 2018, thug Ballstáit na Náisiún Aontaithe gealltanas comhpháirtíochtaí agus comhar a neartú, mar is iomchuí, ar gach leibhéal chun trádáil aindleathach in SALW a chosc agus a chomhrac, go háirithe maidir le rialú teorann, slándáil agus bainistiú stoc-charn, scriosadh agus diúscairt, marcáil, taifead agus rianú, agus bróicéireacht aindleathach. Thug Ballstáit na Náisiún Aontaithe gealltanas freisin an comhar a neartú le heagraíochtaí ábhartha foréigiúnacha agus réigiúnacha chun cur chun feidhme UN PoA agus na hIonstraime Rianaithe Idirnáisiúnta a threisiú.

(8) Eagraíocht réigiúnach is ea Léig na Stát Arabach (LSA) ina dtugtar na tíortha Arabacha go léir le chéile, d'fhonn comhar idir baill na heagraíochta a chur chun cinn agus a neartú.

(9) In 2016 bhunaigh an tAontas agus LSA Idirphlé Straitéiseach AE-LAS agus chuir siad roinnt meithleacha ar bun.

(10) Rinne an Mheitheal um Idirphlé Straitéiseach maidir le hArmáin Ollscriosta agus Rialú Arm réimsí tosaíochta a shainiú don chomhar féideartha agus nithiúil.

(11) Trí bhíthin Chinneadh (CBES) 2018/1789 ón gComhairle [1], thacaigh an tAontas le Céim I de thionscadal a thacaíonn le comhrac na trádála aindleathaí in SALW agus leathadh SALW i mBallstáit de LSA, agus is mian leis tacaíocht a thabhairt do Chéim II den tionscadal sin anois,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. D'fhonn tacú le Ballstáit Léig na Stát Arabach (LSA), nuair a bheidh Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú (UN PoA), agus an Ionstraim Idirnáisiúnta Rianaithe á gcur cur chun feidhme acu ar bhonn náisiúnta, déanfaidh an tAontas na cuspóirí seo a leanas a shaothrú:

— acmhainneacht náisiúnta Bhallstáit LSA a fhothú ar bhonn inbhuanaithe chun leathadh aindleathach mionarm agus armán éadrom (SALW) a chomhrac, chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus chun an tslándáil a fheabhsú i gcásanna iarchoinbhleachta agus caighdeáin idirnáisiúnta chearta an duine á n-urramú ag an am céanna;

— acmhainneacht réigiúnach LSA a fhothú ar bhonn inbhuanaithe ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin chéanna;

— rialú náisiúnta Bhallstáit LSA ar SALW ag céimeanna tábhachtacha dá saolré a neartú.

— feabhas a chur ar mhalartú na ndea-chleachtas agus na gceachtanna a foghlaimíodh.

2. Chun na cuspóirí dá dtagraítear i mír 1 a bhaint amach, tacóidh an tAontas, trí bhíthin an Chinnidh seo, le gníomhaíochtaí sna réimsí seo a leanas:

— rialú idirnáisiúnta ar aistriú SALW (sreabha aindleathacha arm a chomhrac);

— foinsí mionarm aindleathach a shainaithint agus a chur ó mhaith (fothú acmhainneachta do na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí);

— bearta eile a bhaineann le rialú mionarm lena n-áirítear bainistiú stoc-charn, rialú soláthairtí gaolmhara agus slándáil;

— dí-armáil, díshlógadh agus ath-imeascadh;

— faisnéis a sholáthar is ábhartha do SALW aindleathach agus do rialú feabhsaithe ar SALW.

3. Leagtar amach tuairisc mhionsonraithe ar an tionscadal dá dtagraítear i mír 1 agus mír 2 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

1. Cuirfear de chúram ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí") an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

2. Maidir le cur chun feidhme teicniúil an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1, is í an eagraíocht Small Arms Survey (SAS) a dhéanfaidh sin, agus Institiúid na gCéimithe um Léann Idirnáisiúnta agus Forbartha mar ionadaí aici, le cúnamh ó Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coirpeachta (Interpol) agus ón Eagraíocht Dhomhanda Chustaim (EDC), agus i ndlúthchomhar le Rúnaíocht LSA.

3. Déanfaidh SAS, le cúnamh ó Interpol agus EDC, a chúraimí a chomhlíonadh faoi fhreagracht an Ardionadaí. Chun na críche sin, déanfaidh an tArdionadaí na socruithe is gá le SAS.

[1] Cinneadh (CBES) 2018/1789 ón gComhairle an 19 Samhain 2018 a thacaíonn leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma agus a leathadh i mBallstáit Léig na Stát Arabach (IO L 293, 20.11.2018, lch. 24).

Airteagal 3

1. Is é EUR 5 991 726 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais le haghaidh chur chun feidhme an tionscadail arna mhaoiniú ag an Aontas dá dtagraítear in Airteagal 1.

2. Déanfar an caiteachas a mhaoineofar leis an méid tagartha a leagtar amach i mír 1 a bhainistiú i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le buiséad an Aontais.

3. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar dhea-bhainistiú an chaiteachais dá dtagraítear i mír 2. Chun na críche sin, tabharfaidh sé an comhaontú riachtanach i gcrích le SAS. Sonrófar sa chomhaontú go bhfuil ar SAS infheictheacht ranníocaíocht an Aontais, atá iomchuí lena méid, a áirithiú.

4. Déanfaidh an Coimisiún iarracht an comhaontú dá dtagraítear i mír 3 a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Cuirfidh sé an Chomhairle ar an eolas maidir le haon deacrachtaí sa phróiseas sin agus maidir leis an dáta a thabharfar an comhaontú i gcrích.

Airteagal 4

1. Tuairisceoidh an tArdionadaí don Chomhairle faoi chur chun feidhme an Chinnidh seo ar bhonn tuarascálacha rialta gach ráithe arna n-ullmhú ag SAS.

2. Tuairisceoidh an Coimisiún faoi ghnéithe airgeadais an tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1.

Airteagal 5

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Rachaidh an Cinneadh seo in éag 36 mhí tar éis an dáta a thabharfar an comhaontú dá dtagraítear in Airteagal 3(3) i gcrích. Rachaidh sé in éag, áfach, 6 mhí tar éis dháta a theacht i bhfeidhm murar tugadh aon chomhaontú i gcrích laistigh den tréimhse sin.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 28 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
S. KUSTEC

IARSCRÍBHINN

DOICIMÉAD TIONSCADAIL

Tionscadal a thacaíonn leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma agus a leathadh i mBallstáit Léig na Stát Arabach (Céim 2, 2021–2024) – HR(2021) 125

Cúlra

Cuirfidh an tionscadal seo (céim tionscadail 2 de chuid AE-LSA) leis na hiarrachtaí a rinne Léig na Stát Arabach (LSA) agus an tAontas roimhe seo, lena n-áirítear na hiarrachtaí sin a rinneadh le linn chéim 1 den tionscadal (2019-2021), chun cuidiú le Ballstáit LSA sa chomhrac i gcoinne na mionarm agus na n-arm éadroma aindleathacha ("SALW") sa réigiún Arabach ([1]).

Rinne Meitheal AE-LSA um Idirphlé Straitéiseach maidir le hAirm Ollscriosta, SALW agus Rialú Arm sainmhíniú ar réimsí tosaíochta ina bhféadfaí comhar nithiúil a bhaint amach. Chuir céim 1 de thionscadal AE-LSA feabhas ar an malartú dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh sna réimsí sin trí shraith cruinnithe réigiúnacha agus foréigiúnacha. Chuir sí oiliúint phraiticiúil ar fáil do Bhallstáit LSA freisin, ar oiliúint í a dearadh chun acmhainneacht náisiúnta agus réigiúnach a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe maidir le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le SALW aindleathach, go háirithe sna réimsí tosaíochta.

Sa tréimhse roimh phaindéim SARS-CoV-2, reáchtáladh an cruinniú tionscanta (Caireo, Meitheamh 2019) agus an chéad cheardlann fhoréigiúnach (Abú Daibí, Feabhra 2020) de chuid an tionscadail. Rinne sé freisin trí mhisean measúnaithe riachtanais i mí na Samhna agus mí na Nollag 2019, inar leagadh síos an réamhobair do na cláir oiliúna intíre a tionóladh in Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha agus Rabat, Maracó i mí Eanáir agus mí Feabhra 2020.

Nuair a tháinig an phaindéim i Márta 2020, bogadh gníomhaíochtaí oiliúna an tionscadail ar líne. Amhail ón 30 Aibreán 2021, chuir an tionscadal oiliúint ar líne ar fáil do sé Bhallstát LSA, agus tá oiliúint ar líne breise, lena n-áirítear oiliúint leantach, sceidealaithe do Bhealtaine agus Meitheamh 2021. Bhí plé ar siúl freisin chun a áirithiú go reáchtálfaí an dara ceardlann fhoréigiúnach (agus an ceann deiridh) agus an cruinniú réigiúnach deiridh ar líne, roimh dheireadh chéim 1 an 31 Iúil 2021.

Ar bhonn comhsheasamh, rinne oifigigh Bhallstáit LSA a ghlac páirt sna cruinnithe tionscadail agus sna cláir oiliúna a thuairisciú go raibh siad fíorshásta leo, agus chuir líon ard na rannpháirtithe sna cláir oiliúna in iúl go raibh siad ag súil leis an bhfaisnéis agus an saineolas a roinneadh le linn an chláir a úsáid san obair laethúil.

Le céim 2 den tionscadal déanfar an bonn a leagadh síos le linn na chéad chéime a chomhdhlúthú agus a neartú. Leanfar de na hiarrachtaí fothaithe acmhainneachta a tosaíodh i gcéim 1, déanfar iad a leathnú agus a dhoimhniú chun an inbhuaine fhadtéarmach a áirithiú. Na Ballstáit LSA nach bhfuair an oiliúint sa chéad chéim den tionscadal, gheobhaidh siad sa dara céim í. Na Ballstáit LSA ar mian leo cur leis na hacmhainneachtaí a fuarthas le linn na chéad chéime, gheobhaidh siad an tacaíocht is gá sa dara céim. Ina theannta sin, den chéad uair, tionólfaidh an tionscadal imeachtaí oiliúna ar fud an réigiúin lena mbeidh Ballstáit LSA in ann an acmhainneacht náisiúnta a neartú don oiliúint maidir le rialú SALW (imeachtaí oiliúna don oiliúnóir).

Tá sé ríthábhachtach go laghdófar agus go ndíothófar mionairm aindleathacha sa réigiún Arabach chun gach cineál foréigin a laghdú agus chun an fhorbairt inbhuanaithe agus an rathúnas a chur chun cinn i gcomhréir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe sa réigiún Arabach agus sna réigiúin máguaird, an Eoraip san áireamh, araon. Níos sonraí fós, tá sé d'aidhm ag an tionscadal acmhainneacht Bhallstáit LSA a neartú chun Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Airm Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú (PoA) agus an Ionstraim Idirnaisiúnta Rianaithe (ITI) a chur chun feidhme de réir na tosaíochtaí agus na riachtanais a shainaithin Ballstáit LSA.

San áireamh sa chreat normatach don tionscadal tá Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, go háirithe sprioc 16.4, agus Rún 2370 (2017) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arb é is aidhm dó cosc a chur ar sceimhlitheoirí airm a fháil. Ag an am céanna, is léiriú nithiúil é an tionscadal ar an ngealltanas chun gníomhaíocht chomhbheartaithe a dhéanamh i gcoinne na gáinneála aindleathaí ar airm, atá sa dearbhú ó chruinniú mullaigh AE-LSA Sharm El-Sheikh an 25 Feabhra 2019.

Ag brath ar roghanna Bhallstát óstach Léig na Stát Arabach, d'fhéadfadh Prótacal Arm Tine na Náisiún Aontaithe agus an Conradh Trádála Arm a bheith ina bpointí tagartha d'iarrachtaí fothaithe acmhainneachta a bhaineann leis an tionscadal (rialú onnmhairiú/allmhairiú, cosc ar atreorú, etc.)

([1]) CINNEADH (CBES) 2018/1789 ÓN gCOMHAIRLE an 19 Samhain 2018 a thacaíonn leis an gcomhrac i gcoinne na trádála aindleathaí i mionairm agus in airm éadroma agus a leathadh i mBallstáit Léig na Stát Arabach.

Cuspóirí an tionscadail agus an inbhuanaitheacht fhadtéarmach

De réir mar a bhí i gcéim 1, is é bunsprioc chéim 2 den tionscadal acmhainneacht Bhallstáit LSA a neartú ar bhealach inbhuanaithe chun PoA agus ITI a chur chun feidhme, lena n-áirítear chun críche mionairm aindleathacha agus an sceimhlitheoireacht a chosc, de réir na tosaíochtaí agus na riachtanais a shainaithin Ballstáit LSA. Chun an sprioc sin a bhaint amach, is iad seo a leanas príomhchuspóirí an tionscadail:

a) acmhainneacht náisiúnta Bhallstáit LSA a fhothú ar bhealach inbhuanaithe chun leathadh aindleathach SALW a chosc, chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus chun an tslándáil a fheabhsú i gcásanna iarchoinbhleachta;

b) acmhainneacht réigiúnach LSA a fhothú ar bhonn inbhuanaithe ar mhaithe le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin chéanna;

c) rialú náisiúnta Bhallstáit LSA ar SALW ag céimeanna tábhachtacha dá saolré a neartú; agus

d) feabhas a chur ar mhalartú na ndea-chleachtas agus na gceachtanna a foghlaimíodh.

Léiríonn na comhairliúcháin le Ballstáit LSA gur mhaith leo cúnamh agus tacaíocht a fháil i réimsí áirithe, agus gur mhaith leo díriú ach go háirithe ar fhothú acmhainneachta a fhorbairt chun sreabha arm aindleathach a chomhrac (féach an chéad chuid eile le haghaidh tuilleadh sonraí). Go deimhin, ceaptar gach cuid den tionscadal chun a áirithiú go dtabharfaidh an tionscadal acmhainneacht inbhuanaithe dá dtairbhithe beartaithe, eadhon institiúidí rialtais agus oifigigh i mBallstáit LSA, mar aon le Rúnaíocht LSA (an Roinn Rialaithe Arm agus Dí-armála).

Cur síos ar an ngníomhaíocht

Tá tionscadal an Aontais chun an trádáil aindleathach i mionairm agus airm éadroma i mBallstáit LSA (céim 2, 2021-2024) deartha mar fhreagairt do na riachtanais sna réimsí tosaíochta seo a leanas a chuir Ballstáit LSA in iúl:

Réimse 1:

Rialú idirnáisiúnta ar aistriú SALW (sreabha arm aindleathach a chomhrac)

1.1. Onnmhairiú/allmhairiú/ceadúnú idirthurais agus rialú (measúnú riosca, srl.)

1.2. Atreorú SALW chuig faighteoirí neamhúdaraithe a chosc

1.3. SALW agus a bpáirteanna a bhrath le linn cigireacht a dhéanamh ar earraí agus lasta arna n-iompar (modhanna cigireachta, teicnící agus trealamh, srl.)

Réimse 2:

Foinsí mionarm aindleathach a shainaithint agus a chur ó mhaith (fothú acmhainneachta do na gníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí)

2.1. Rialú teorainneacha talún, aeir agus muirí, lena n-áirítear aistriú teicneolaíochta

2.2. Marcáil, taifead agus rianú

2.3. Teicnící agus modhanna breise chun imscrúdú agus iniúchadh a dhéanamh ar airm (faisnéis bhalaistíoch a úsáid, sainaithint/suaitheadh ar bhealaí agus modhanna smuigleála, etc.)

Réimse 3:

Bearta eile rialaithe mionarm

3.1. Slándáil agus bainistiú stoc-charn

Réimse 4: Dí-armáil, díshlógadh agus ath-imeascadh (DDR)

4.1. Saineolas, dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh maidir le DDR a mhalartú

4.2. Cúnamh chun cláir DDR náisiúnta a dhearadh

4.3. Cineálacha eile tacaíochta do Bhallstáit LSA le linn céim iarchoinbhleachta

Tabhair ar aird, go raibh níos lú suime sa chuid seo ar an iomlán ná i réimsí eile a liostaítear sa roinn seo, cé gur iarr roinnt Bhallstáit LSA í. Ar an gcúis sin, ní dhírítear uirthi sa tionscadal.

Réimse 5:

Faisnéis a bhaineann le SALW aindleathach a sholáthar agus rialú feabhsaithe SALW

5.1. Meastóireacht a dhéanamh ar dhlíthe agus rialacháin Bhallstáit LSA; comhairle a thabhairt maidir le leasuithe agus athbhreithnithe a d'fhéadfaí a dhéanamh.

5.2. Taighde ábhartha, staidéir arna bhfoilsiú agus doiciméid eile a aistriú go hArabais.

Mar fhreagairt do na riachtanais thuas, beidh na gnéithe seo a leanas sa tionscadal:

1. Comhar réigiúnach: Cruinniú tionscanta Chaireo
2. Comhar réigiúnach: dhá cheardlann réigiúnacha
3. Comhar réigiúnach: Cruinniú bailchríochnaithe Chaireo
4. Oiliúint náisiúnta
5. Oiliúint réigiúnach
6. Tacaíocht ón tionscadal chun curaclaim oiliúna náisiúnta a fhorbairt
7. Comhoibríochtaí náisiúnta allamuigh á n-éascú ag an tionscadal
8. Faisnéis a chur ar fáil san Araibis
9. Cruinnithe comhordaithe an tionscadail
10. Faireachán agus meastóireacht ar thionscadal (iniúchadh airgeadais san áireamh)

1. Comhar réigiúnach: Cruinniú tionscanta Chaireo

1.1. Cuspóir: Feasacht a ardú faoin tionscadal; céim 1 a phlé agus ceachtanna ábhartha a shainaithint i gcomhair chéim 2; agus an bonn a leagan síos i gcomhair gníomhaíochtaí chéim 2 (teagmhálacha le Ballstáit LSA a neartú, tosaíochtaí náisiúnta ar leith a shainaithint agus pleanáil a thionscnamh i gcomhair gníomhaíochtaí chéim 2, an oiliúint san áireamh) (réimsí tosaíochta 1 go 5).

1.2. Gníomhaíochtaí: Cruinniú tionscanta 3 lá ag ceanncheathrú LSA i gCaireo, a chlúdaíonn na gnéithe uile den tionscadal (réimsí tosaíochta 1 go 5), agus a dhíríonn ar oifigigh shinsearacha Bhallstáit LSA mar aon le foireann LSA atá freagrach as saincheisteanna a bhaineann leis an tionscadal.

1.3. Torthaí na gníomhaíochta: Cur i láthair mionsonraithe a dhéanamh a chlúdaíonn na gnéithe uile den tionscadal; ceachtanna ábhartha a shainaithint i gcomhair chéim 2; teagmhálacha le Ballstáit LSA a neartú; tosaíochtaí náisiúnta ar leith a shainaithint; pleanáil i gcomhair chéim 2 a thionscnamh; tuarascáil achomair ar an gcruinniú a chur le chéile.

2. Comhar réigiúnach: dhá cheardlann réigiúnacha

2.1. Cuspóir: Chun feabhas a chur ar an malartú dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh, a cuireadh tús leis i gcéim 1 den tionscadal, agus chun tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha i réimsí a bhaineann leis an tionscadal (réimsí tosaíochta 1 go 5) a shainaithint.

2.2. Gníomhaíochtaí: Dhá cheardlann de 4 lá a reáchtálfar i bpríomhchathracha Arabacha éagsúla (spriocdhátaí: an chéad leath de 2022, an dara leath de 2023). Ar na hábhair a d'fhéadfadh a bheith san áireamh tá: reachtaíocht náisiúnta maidir le rialú arm (réimse tosaíochta 5.1) agus ábhair lena ndéileáiltear mar chuid de thimthriall cruinnithe PoA-ITI.

2.3. Torthaí na gníomhaíochta: Malartú dea-chleachtas agus ceachtanna a foghlaimíodh i réimsí a bhaineann leis an tionscadal; tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a shainaithint sna réimsí céanna; tuarascáil achomair ar an gceardlann a chur le chéile.

3. Comhar réigiúnach: Cruinniú bailchríochnaithe Chaireo

3.1. Cuspóir: Meastóireacht a dhéanamh ar chéim 2 den tionscadal agus pleanáil a dhéanamh don chomhar amach anseo (réimsí tosaíochta 1 go 5).

3.2. Gníomhaíochtaí: Cruinniú 2 lá arna reáchtáil ag ceanncheathrú LSA i gCaireo ag deireadh an tionscadail, a dhíríonn ar oifigigh shinsearacha Bhallstáit LSA mar aon le foireann LSA atá freagrach as saincheisteanna a bhaineann leis an tionscadal.

3.3. Torthaí na gníomhaíochta: Plé agus meastóireacht a dhéanamh ar chéim 2 den tionscadal; cur le pleananna don chomhar maidir le rialú mionarm amach anseo; tuarascáil achomair ar an gcruinniú a chur le chéile.

4. Oiliúint náisiúnta

4.1. Cuspóir: Acmhainneacht inbhuanaithe a fhorbairt chun mionairm a rialú i mBallstát óstach LSA i gcomhréir lena thosaíochtaí agus lena riachtanais (réimsí tosaíochta 1 go 4).

4.2. Gníomhaíochtaí: Suas le 154 lá oiliúna náisiúnta, do gach gníomhaireacht cur chun feidhme, ina mbeidh rogha de chláir a fhéadfaidh Ballstáit LSA a phiocadh i gcomhréir lena dtosaíochtaí agus lena riachtanais, agus a dheimhniú trí chumarsáid oifigiúil le Rúnaíocht LSA (féach pointí a-d thíos). As an 154 lá oiliúna náisiúnta, cuirfear 94 lá díobh ar fáil ar líne agus 60 lá ar fáil sa tír í féin (mar shampla, 12 imeacht 5 lá).

Agus iad ag freagairt ar iarrataí sonracha ar oiliúint, tabharfaidh na gníomhaireachtaí cur chun feidhme, i gcomhar le Rúnaíocht LSA, tús áite don chian-teagmháil le rialtais LSA (fón, ríomhphost, agus físchomhdháil ar líne).

Mar chuid den tairiscint oiliúna náisiúnta, tairgfidh na gníomhaireachtaí cur chun feidhme na cineálacha clár seo a leanas (liosta neamhchuimsitheach):

(a) cúrsaí tosaigh 2 go 5 lá (ar líne);

(b) imeachtaí oiliúna náisiúnta lena gcomhlánaítear na himeachtaí a sheoltar i gcéim 1, mar shampla:

— cúrsa a thabhairt arís do ghrúpaí nua rannpháirtithe;

— cúrsaí athnuachana;

— cúrsaí ina gcaitear go mion le topaicí sonracha (3-5 lá) nó le réimse níos leithne topaicí (níos mó ná 5 lá); agus

— cúrsaí speisialaithe atá dírithe ar dhream ar leith (e.g. cúrsa lóistíochta d'oifigigh a bhainistíonn airm agus stoc-chairn armlóin);

(c) cúrsa d'iontrálaithe nua (domhainchúrsa 10 lá nó níos faide, d'oifigigh atá ag dul i mbun freagrachtaí a bhaineann le SALW); agus

(d) clár oiliúna intíre i stát LSA seachas an stát is tairbhí nuair nach féidir taisteal go dtí an stát is tairbhí (dhá imeacht de 5 lá an ceann, lena n-áirítear iompar agus béilí/lóistín do rannpháirtithe).

Tabhair faoi deara go gcuirfidh an tionscadal cur chuige na foghlama cumaiscthe (hibrideach) i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí, ina chuid gníomhaíochtaí oiliúna, ina mbeidh meascán d'acmhainní ar líne agus oiliúint ar an láthair agus ar líne.

4.3. Torthaí na gníomhaíochta: Déanfar measúnú ar thionchair na n-imeachtaí oiliúna náisiúnta ag deireadh an imeachta agus arís roinnt míonna tar éis an imeachta, chun a chinneadh a mhéid a baineadh amach cuspóirí an tionscadail i ndáil le forbairt acmhainneachta.

5. Oiliúint réigiúnach

5.1. Cuspóir: Acmhainneacht inbhuanaithe a fhorbairt chun mionairm a rialú i mBallstáit LSA, lena n-áirítear acmhainneacht oiliúna (réimsí tosaíochta 1 go 4).

5.2. Gníomhaíochtaí: Suas le 40 lá oiliúna ar an láthair do gach gníomhaireacht cur chun feidhme, a rachaidh chun tairbhe rannpháirtithe as roinnt Bhallstáit LSA ag an am céanna, lena n-áirítear imeachtaí oiliúna don oiliúnóir (4 imeacht de 5 lá nó 10 lá an ceann go gach gníomhaireacht cur chun feidhme, á reáchtáil i mBallstát de chuid LSA).

Tabhair faoi deara go gcuirfidh an tionscadal cur chuige na foghlama cumaiscthe (hibrideach) i bhfeidhm, de réir mar is iomchuí, ina chuid gníomhaíochtaí oiliúna, ina mbeidh meascán d'acmhainní ar líne agus oiliúint ar an láthair agus ar líne.

5.3. Torthaí na gníomhaíochta: Déanfar measúnú ar thionchair na n-imeachtaí oiliúna réigiúnacha ag deireadh an imeachta agus arís roinnt míonna tar éis an imeachta, chun a chinneadh a mhéid a baineadh amach cuspóirí an tionscadail i ndáil le forbairt acmhainneachta.

6. Tacaíocht ón tionscadal chun curaclaim oiliúna náisiúnta a fhorbairt

6.1. Cuspóir: Úinéireacht náisiúnta agus inbhuaine fhadtéarmach imeachtaí oiliúna an tionscadail a neartú (réimsí tosaíochta 1 go 4).

6.2. Gníomhaíochtaí: I gcás ina n-iarrfar é, tacóidh na gníomhaireachtaí cur chun feidhme le forbairt curaclam oiliúna náisiúnta trí shaineolas agus doiciméadacht ábhartha a sholáthar.

6.3. Torthaí na gníomhaíochta: Déanfar measúnú ar thionchair thacaíocht an tionscadail le forbairt na gcuraclam oiliúna náisiúnta nuair a bheidh an idirghabháil curtha i gcrích agus arís roinnt míonna ina dhiaidh sin.

7. Comhoibríochtaí náisiúnta allamuigh á n-éascú ag an tionscadal

7.1. Cuspóir: Tástáil agus treisiú a dhéanamh ar an nglacadh éifeachtach i measc an lucht freastail leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil le linn imeachtaí oiliúna AE-LSA, agus ar an gcaoi sin inbhuaine fhadtéarmach oiliúint an tionscadail a neartú (réimsí tosaíochta 1 go 4).

7.2. Gníomhaíochtaí: Éascóidh an tionscadal ullmhú, seoladh agus anailís i ndáil le dhá chomhoibríocht allamuigh, arna seoladh ar bhonn deonach ag fórsaí náisiúnta slándála ó Bhallstáit LSA. Is iad na gníomhaireachtaí cur chun feidhme a stiúrfaidh ullmhúchán agus anailís na gcomhoibríochtaí allamuigh agus reáchtálfar ar líne iad (dhá imeacht 2 lá, agus clúdóidh an tionscadal na costais ateangaireachta Araibis-Béarla-Fraincis do gach imeacht). Is ar na Stáit LSA atá rannpháirteach a bheidh freagracht oibríochtúil agus airgeadais as cur i gcrích na gcomhoibríochtaí allamuigh.

7.3. Torthaí na gníomhaíochta: Déanfar measúnú ar thionchair na gcomhoibríochtaí allamuigh nuair a bheidh siad críochnaithe agus arís roinnt míonna ina dhiaidh sin.

8. Faisnéis a chur ar fáil san Araibis

8.1. Cuspóir: Freastal san Araibis ar riachtanais Bhallstáit LSA i ndáil le faisnéis neamhspleách iontaofa ar mhionairm agus foréigean armtha (réimse tosaíochta 5).

8.2. Gníomhaíochtaí: Na príomhfhoilseacháin agus na príomhdhoiciméid a aistriú go hAraibis (tuarascálacha foilsithe, treoirlínte maidir le dea-chleachtais, etc.). D'fhéadfaí a áireamh mar shampla doiciméid nua de chuid an Aontais maidir le SALW, lámhleabhar an Small Arms Survey maidir le rialú inscne-fhreagrúil ar mhionairm agus an chaibidil "Security" san *Illicit Trade Report* bhliantúil ó EDC.

8.3. Torthaí na gníomhaíochta: I measc na n-aschur sonrach, beidh aistriúchán ar leabhair, tuarascálacha agus páipéir faisnéise a bhfuil tábhacht ag roinnt leo agus ar dhoiciméid eile a bhaineann le mionairm, chomh maith le podchraoltaí agus blaganna a chur ar fáil in Araibis. Ar an iomlán, is é an toradh a bheidh ar an ngníomhaíocht seo go mbeidh méadú suntasach ar an bhfaisnéis neamhspleách iontaofa a bheidh ar fáil san Araibis i ndáil le mionairm agus foréigean armtha, ag tógáil ar an mbonn a leagadh síos i gcéim 1 den tionscadal.

9. Cruinnithe comhordaithe an tionscadail

9.1. Cuspóir: An comhordú agus an phleanáil tionscadail is fearr is féidir a áirithiú.

9.2. Gníomhaíochtaí: Cruinnithe ar an láthair ag ceanncheathrú na ngníomhaireachtaí cur chun feidhme sa Bhruiséil, sa Ghinéiv agus in Lyon (trí chruinniú san iomlán), ina dtiocfaidh na trí ghníomhaireacht cur chun feidhme le chéile, chomh maith le Rúnaíocht LSA, chun dúshláin agus tosaíochtaí a bhaineann leis an tionscadal a phlé, mar aon le pleananna agus straitéisí cur chun feidhme.

9.3. Torthaí na gníomhaíochta: Tuarascáil ghearr a tháirgeadh ina leagtar amach dúshláin agus tosaíochtaí a bhaineann leis an tionscadal, chomh maith le pleananna agus straitéisí cur chun feidhme (tuarascáil amháin do gach cruinniú).

10. Faireachán agus meastóireacht ar an tionscadal

10.1. Cuspóir: A áirithiú gur baineadh amach cuspóirí an tionscadail agus go ndearnadh gach caiteachas i ndáil leis an tionscadal i gcomhréir leis an mbuiséad comhaontaithe.

10.2. Gníomhaíochtaí: Is éard a bheidh i gcéim 2 den tionscadal measúnú inmheánach agus seachtrach ar thionchair an tionscadail. Foireann de chuid an tionscadail a dhéanfaidh an measúnú inmheánach le tacaíocht ó speisialtóir faireacháin, meastóireachta agus foghlama SAS. Comhairleoir seachtrach a dhéanfaidh an mheastóireacht sheachtrach agus, chun na críche sin, rachaidh sé nó sí chuig an gcruinniú deiridh i gCaireo, agus tabharfaidh sé nó sí cuairt ar cheithre cinn de Stáit LSA agus ar cheanncheathrúna na ngníomhaireachtaí cur chun feidhme. Beidh iniúchadh airgeadais mar chuid den tionscadal freisin, i gcomhréir le ceanglais an Aontais.

10.3. Torthaí na gníomhaíochta: Na measúnuithe inmheánacha agus seachtracha ar thionchair thionscadail a chur i gcrích; an t-iniúchadh airgeadais a chur i gcrích.

Gníomhaireachtaí cur chun feidhme agus comhpháirtíochtaí

Arís, cuirfear céim 2 den tionscadal chun feidhme i gcomhpháirtíocht le Rúnaíocht LSA faoi chuimsiú Idirphlé Straitéiseach AE-LSA maidir le hAirm Ollscriosta, SALW agus Rialú Arm. D'óstáil Rúnaíocht LSA cruinniú tionscanta de chéim 1 den tionscadal i gCaireo na hÉigipte i mí Iúil 2019. Ghlac pearsanra na Rúnaíochta páirt in dhá cheann de na misin measúnaithe riachtanas arna seoladh ag an tionscadal i Samhain-Nollaig 2019, chomh maith le céad cheardlann fhoréigiúnach an tionscadail a reáchtáladh in Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, i mí Feabhra 2020. Leanann tacaíocht láidir leanúnach ó Rúnaíocht LSA de bheith ríthábhachtach do rath an tionscadail i gcéim 2.

Faoi mar a tharla i gcéim 1 den tionscadal, is é an Small Arms Survey (SAS), clár comhlachaithe de chuid na hInstitiúide Céimithe um Staidéir Idirnáisiúnta agus Forbartha, lonnaithe i nGinéiv na hEilvéise, a bheidh ina phríomhghníomhaireacht cur chun feidhme. Agus céim 2 á cur chun feidhme aige, leanfaidh SAS de leas a bhaint as rannchuidiú sárthábhachtach Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta (Interpol) agus na hEagraíochta Domhanda Custaim (EDC). Is ar EDC a bheidh an phríomhfhreagracht as réimsí tosaíochta 1 agus 2.1 (rialuithe ar aistrithe idirnáisiúnta, lena n-áirítear rialuithe teorann), ar Interpol a bheidh sí as réimsí 2.2 agus 2.3 (forbairt acmhainneachta do ghníomhaireachtaí forfheidhmithe dlí) agus ar SAS as réimsí 3 go 5 (bainistiú stoc-charn agus slándáil, dí-armáil, díshlógadh agus ath-imeascadh (DDR), agus faisnéis a bhaineann le SALW a chur ar fáil).

Is samhail den chomhar i réimse SALW í an chomhpháirtíocht seo. Leis an tionscadal, baintear leas as eolas agus saineolas comhlántach gach gníomhaireachta cur chun feidhme chun clár cuimsitheach forbartha eolais agus acmhainneachta a chur ar fáil a chumhdaíonn príomhghnéithe an Chláir Gníomhaíochta (PoA) agus na hIonstraime Rianaithe Idirnáisiúnta (ITI). Ar an gcaoi sin, tá coincheapa an chomhair idirnáisiúnta agus an iltaobhachais, faoi mar a leagtar béim orthu i ndoiciméid amhail an Clár Gníomhaíochta (PoA) agus Straitéis SALW an Aontais, á n-aistriú ag an tionscadal ina dtorthaí nithiúla, eadhon cur chun feidhme éifeachtach an Chláir Gníomhaíochta agus na hIonstraime Rianaithe Idirnáisiúnta agus neartú na slándála idir-réigiúnaí.

De réir mar is gá, i gcomhar le Rúnaíocht LSA, déanfaidh SAS fochonradh le heagraíochtaí eile chun cabhrú le comhpháirteanna eile den tionscadal. Ag brath ar riachtanais agus roghanna na mBallstát LSA atá rannpháirteach, d'fhéadfadh eagraíochtaí eile, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta, chomh maith le gníomhaireachtaí speisialaithe LSA áirithe, rannchuidiú le cur chun feidhme an tionscadail freisin.

Déanfaidh na gníomhaireachtaí cur chun feidhme comhordú freisin le heagraíochtaí rialtasacha agus neamhrialtasacha atá ag obair i mBallstáit LSA, chomh maith le haon chlár de chuid an Aontais atá i láthair ann, chun a áirithiú go mbeidh na gníomhaíochtaí uile a dhéantar faoi chuimsiú an tionscadail comhlántach agus go dtógfaidh siad ar na tionscnaimh atá ann cheana. An tacaíocht ón Aontas le roinnt blianta anuas anois le forbairt agus cur chun feidhme Chóras Bainistithe Interpol do Thaifid agus Rianú Arm Aindleathach (iARMS), ar príomhchuid é de thairiscint oiliúna AE-LSA Interpol, déantar an tacaíocht sin a ghiaráil leis an tionscadal.

Déanfaidh na gníomhaireachtaí cur chun feidhme bearta iomchuí freisin chun infheictheacht an tionscadail a áirithiú i gcomhréir le treoirlínte an Aontais.

Fad ama

Tá tréimhse 36 mhí leagtha síos don tionscadal.